C/2024/2092

8.3.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11394 – PFEIFER & LANGEN IHKG GROUP / RÜGENWALDER)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/2092)

1. An 29 Feabhra 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Pfeifer & Langen Industrie- und Handels-KG ('Pfeifer & Langen', an Ghearmáin),

— Rügenwalder Mühle Carl Müller GmbH & Co. KG agus RM Vermögensverwaltungs GmbH & Co. KG ('Rügenwalder', an Ghearmáin).

Gheobhaidh Pfeifer & Langen rialú aonair ar Rügenwalder ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Pfeifer & Langen gníomhach go príomha i dtáirgeadh agus i ndáileadh siúcra tionsclaíoch agus miondíola, sneaiceanna blasta, feola, agus ionadach éisc, chomh maith le deochanna laistigh de LEE agus lasmuigh de,

— Tá Rügenwalder gníomhach go príomha i dtáirgeadh agus dáileadh feola próiseáilte agus ionadach feola laistigh de LEE agus lasmuigh de.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11394 – PFEIFER & LANGEN IHKG GROUP / RÜGENWALDER

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË